

SEÁN CHORMAIC - AN COISIGH ABHÍ I MUIGH INSE.

Fear abhí i gCárna a raibh Barry air. Chuir sé bád go Gaillimh lá agus a dhreáthair agus badóir innte. Nuair abhí an bád imthighe chuimnigh sé gur rinne sé dearmad. Agus ní raibh posta a bith ag imteacht san ánm sin. Dubhairt fear eicint leis dhá gcuirfheadh sé fios ar Sheán Chormaic go Muigh Inse go ndéanfadh sé na gnó dhó. Chuir sé fios ar Sheán agus sgríobh sé litir agus dubhairt sé leis gan an litir sin a thabhairt dho aon dhuine go dtugfadh sé dhá dreathair i nGaillimh í.

D'ímtigh le Seán agus théis cóir a bheith ag a mbád sé Seán a rug ar téad uathab ar cheann a bhalla sa sean dug i nGaillimh. Nuair a rug sé ar a téad uathab agus gur tháinig Diciue Barry amach "beidh mise dhul abhaile aríst" adeir Seán agus tá sé chomh maith dhuit litir eile a thabhairt ar ais dhom go dti do dhéathair. Sgríobh sé litir dho agus d'ionntuigh sé ar ais go dtáinig sé go dtí Bob i gCárna. "Shíl mé" adeir Bob go raibh tú le dhul go Gaillimh dhom." "Bhí mé ann" adeir Seán, "dá ma capall rása thú" adeir Bob ní bheithfheá ann" adeir Bob "bhíos" adeir Seán "agus seo litir a sgríobh do dhreáthair." Nuair a leigh Bob an litir"tá an ceart a'd adeir sé "ach caithfhidh sé nach iad do chosa fhéin abhí a siubhal a'd".

Creidim go dtug sé luach a shaothair dho Sheán. D'ímtigh Seán amach agus bhí grian i Muigh Inse aige.

Tá muinntir Sheáin seo i Muigh Inse fós